



An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí
Commission for Public Service Appointments

TUARASCÁIL
BHLIANTÚIL
2013



ÁR MISEAN

An misean againn ná a chinntiú go gcosnaítear ionracas earcaíochta, roghnúcháin agus ceapacháin daoine chuig poist atá maoinithe le hairgead poiblí agus, trí fheabhas leanúnach a chur ar chaighdeáin, muinín fhorleathan a chothú i measc an phobail maidir le hinniúlacht na ndaoine atá ceaptha sna poist sin cur go fiúntach le soláthar seirbhísí poiblí.

COMHALTAÍ AN CHOIMISIÚIN



Seán Barrett T.D
An Ceann Comhairle



Martin Fraser
Ard-Rúnaí, Roinn an
Taoisigh agus Ard-Rúnaí
an Rialtais



Robert Watt
Ard-Rúnaí, An Roinn
Caiteachais Phoiblí agus
Athchóirithe



Peter Tyndall*
Ombudsman agus
Coimisinéir Faisnéise



**An Breitheamh Daniel
O'Keefe****
Cathaoirleach,
An Coimisiún um
Chaighdeán in Oifigí
Poiblí

* Tháinig an tUasal Tyndall i gcomharbacht ar Emily O'Reilly i mí na Nollag 2013 tar éis é a cheapadh mar Ombudsman

** Tháinig an Breitheamh O'Keefe i gcomharbacht ar an mBreitheamh Matthew P Smith a sheas síos mar Chathaoirleach ar gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí i mí na Nollag 2013

RÉAMHRÁ

Ba í 2013 an naoú bliain iomlán don Choimisiún bheith i bhfeidhm mar rialtóir ar earcaíocht agus roghnúchán sa Státseirbhís, sa Gharda Síochána, i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Poiblí, san Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus i gcomhlachtaí seirbhíse poiblí eile.

Tá an Coimisiún freagrach as iontaobhas agus muinín a mhúscailt i measc an phobail i ndáil le próisis cheapacháin san earnáil phoiblí, próisis ar eiseamláirí iad de phrionsabail an ionracais, an fhiúntais, na trédhearcachta, na neamhchlaontachta, na comhsheasmhachta agus na cothroime. Déanann an Coimisiún a dhícheall a chinntiú nach bhfuiltear ag cloí leis na prionsabail sin ar mhaithe le comhlíonadh na bprionsabail amháin, ach go bhfuiltear ag cloí leo chun sprioc níos tábhachtaí a bhaint amach – na hiarrthóirí is fearr a mhealladh agus a roghnú, agus ar an gcaoi sin na seirbhísí poiblí is éifeachtaí agus is éifeachtúla a sholáthar.

Le blianta beaga anuas, rinneadh damáiste do muinín an phobail i roinnt mhaith institiúidí, cuireadh a lán ceisteanna agus músclaíodh amhras faoi fheidhmíocht na n-institiúidí sin. Tá ról suntasach ag an gCoimisiún i mbonn muinéine a thabhairt don chóras ceapacháin bheith ina bhealach chun iontaobhas a chothú sna daoine sin a cheaptar chuig na poist seo. Tá tábhacht lárnach ag na córais trína gceaptar daoine chuig poist i gcomhlachtaí poiblí ó thaobh earcú agus roghnú na n-iarrthóirí is inniúla de agus chun iontaobhas agus muinín a chothú maidir le hinstiúidí Stáit.

Agus é ag comhlíonadh a shainchúraim, foilsíonn an Coimisiún Cóid Chleachtais d'earcaíocht agus do roghnúchán le haghaidh post in eagraíochtaí na hearnála poiblí. Déanann sé monatóireacht ar fheidhmíocht sealbhóirí oifige atá faoina shainchúram chun a chinntiú go bhfuil siad ag cloí leis na Cóid trí mhonatóireacht agus iniúcháireacht rialta a dhéanamh. Cuireann sé comhairle ar fáil, cuireann sé chun cinn na cóid chleachtais agus déanann sé próiseáil ar sháruithe líomhanta ar na cóid sin de réir mar is gá.

Mar thoradh ar na deacrachtaí eacnamaíochta atá ann faoi láthair, agus ar an moratóir ar cheapacháin chuig poist seirbhíse poiblí a lean as sin, bhí i bhfad níos lú ceapachán ann sa tseirbhís phoiblí. Cibé scéal é, tá sé ríthábhachtach go mbeadh muinín ag pobal na hÉireann as neamhchlaontacht agus oibiachtúlacht na gcinntí a dhéantar trí na próisis um cheapacháin seirbhíse poiblí. Sa mhéid go bhfuil leibhéal na gníomhaíochta earcaíochta tite mar thoradh ar an moratóir ar earcaíocht agus ar arduithe céime sa tseirbhís phoiblí, bhí an Coimisiún aireach ar go mb'fhéidir go dtitfeadh caighdeán chomh maith.

Sa mhéid go mbogtar foireann lán taithí timpeall ar fud eagraíochtaí éagsúla, tá an Coimisiún thar a bheith cíocrach go gcinnteofaí go mbeadh próisis agus gnáis earcaíochta agus roghnúcháin, a bhfuil bunús maith leo, i bhfeidhm ag Oifigí chun a chinntiú go leanfar ag soláthar seirbhísí ar ardchaighdeán. Is ar na comhlachtaí poiblí i gceist atá an dualgas a chinntiú go ndéanfar oiliúint chuí a sholáthar don fhoireann maidir le próisis earcaíochta agus roghnúcháin, agus go mbeidh na próisis sin bunaithe ar na cóid chleachtais.

Tá an Coimisiún deimhin de go bhfuil an fheidhm iniúchóireachta agus dearbhaithe, a forbraíodh ó bunaíodh an Coimisiún, ina mhodh láidir, éifeachtach chun feabhas a chur ar éifeachtacht trína chinntiú go ndéantar ceapacháin bunaithe ar fhiúntas, tar éis próisis atá cothrom, oscailte agus iomaíoch. Is cúis áthais don Choimisiún a chur in iúl go bhfuil cleachtais earcaíochta agus roghnúcháin seirbhíse poiblí, tríd is tríd, á reáchtáil de réir na gcleachtas sna cóid chleachtais agus go bhfuiltear ag urramú na luachanna agus na bprionsabal a shainíonn fiúntas.

D'athraigh comhaltacht an Choimisiúin in 2013. Tar éis di bheith ceaptha mar Ombudsman Eorpach agus bogadh go Strasbourg, sheas Emily O'Reilly síos mar Ombudsman agus mar bhall den Choimisiún. Tá an tUasal Peter Tyndall tagtha i gcomharbacht uirthi ar an gCoimisiún. Sheas an Breitheamh Matthew P Smith síos ón gCoimisiún chomh maith nuair a tháinig deireadh lena théarma mar Chathaoirleach den Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí (SiPOC). Tháinig an Cathaoirleach nua ar SiPOC, an Breitheamh Dan O'Keefe ina ionad. Bhí Iníon O'Reilly, Uasal agus an Breitheamh Smith ar an gCoimisiún ó bunaíodh é in 2004. Ghlac a gcomhghleacaithe ar an gCoimisiún buíochas leo as a seirbhís den scoth agus ghuí siad gach rath orthu sa todhchaí.

Theastaigh ón gCoimisiún buíochas a ghabháil chomh maith le foireann na hOifige as a dtiomantas leanúnach.

CÓID CHLEACHTAIS

Ceann de na príomhfheidhmeanna atá ag an gCoimisiún ná caighdeáin a bhunú agus a chosaint a bheadh le hurramú acusan atá freagrach as an bpróiseas ceapacháin i ngach ceann de na comhlachtaí poiblí faoina shainchúram. Agus sin ar bun aige, ní foláir don Choimisiún a chinntiú go bhfuil muinín iomlán ag an bpobal as próiseas ceapacháin atá oscailte, cothrom, cuimsitheach agus, thar aon ní eile, bunaithe go daingean ar fhiúntas. Déantar na caighdeáin a bhunaíonn an Coimisiún a fhoilsiú mar chóid chleachtais.

Sna cóid tá gnásanna sonraithe chomh maith ar ghá dóibhsean atá freagrach as an bpróiseas ceapacháin cloí leo agus iad ag láimhseáil gearán ó iarrthóirí. Tá gnásanna shonracha i bhfeidhm le haghaidh gearán i ndáil le cinneadh a théann i bhfeidhm ar rannpháirtíocht iarrthóra sa phróiseas ceapacháin agus tá gnásanna ar leithligh ann do líomhaintí gur sáraíodh an Cód.

Seo a leanas na cóid chleachtais reatha:

Ceapacháin chun Post sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí (Uimh. 01/07)

Ceapacháin Ghearrthréimhse Éigeandála chun Post i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Uimh. 02/07)

Daoine faoi Mhíchumas a Cheapadh chun Post sa Státseirbhís agus i gComhlachtaí Poiblí Áirithe (Uimh. 03/07)

Ceapacháin Neamhthipiciúla chun Post sa Státseirbhís agus i gComhlachtaí Poiblí Áirithe (Uimh. 04/07)

Ceapacháin chun Post ina bhfuil Freagrachtaí Reachtúla ar Choimisinéir an Gharda (Uimh. 01/09)

Is léiriú iad na cóid ar rún an Choimisiúin a chinntiú go reáchtálfaí gach próiseas ceapacháin go hionraic agus go ndéanfaí gach cinneadh bunaithe ar fhiúntas. Cuireann an Coimisiún treoir ghinearálta ar fáil, in áit saintreoracha dóibhsean a bheidh á bhfeidhmiú. Ar an gcaoi sin cuireann siad ar chumas na n-earcaitheoirí cur chuige solúbtha, nuálach a bheith acu i leith gnásanna earcaíochta gan cur isteach ar phrionsabail an ionracais agus an fhiúntais.

Tá na caighdeáin atá bunaithe ag an gCoimisiún rithábhachtach chun córas earcaíochta a chinntiú atá go hiomlán oscailte do luachanna cosúil le cothroime, comhionannas agus meas ar éagsúlacht, agus go gcomhlíonfaidh sé ceanglais ghairmiúla a bhaineann le héifeachtacht agus éifeachtúlacht. Mar chuid dá thiomantas leanúnach i leith an dearbhaithe cáilíochta, admháonn an Coimisiún go bhfuil gá athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin seo ó am go chéile, ionas go mbeidh siad ábhartha i gcónaí. Trí athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na cóid, beidh an Coimisiún ag cur aiseolais ó shealbhóirí ceadúnais, ó shealbhóirí oifige agus ó pháirtithe leasmhara eile san áireamh, chomh maith le léargas faighte trí mheán na hoibre iniúchóireachta agus trí shruth ginearálta fiosruithe ó ranna, ó oifigí agus ó chomhlachtaí poiblí eile.

AG COSAINT CAIGHDEÁN

Ó bunaíodh an Coimisiún agus ó tugadh isteach na Cóid Chleachtais sa bhliain 2004 bhí sé mar aidhm ag an gCoimisiún a chinntiú go ndéanfaí ardchaighdeán a chinntiú agus a choinneáil do gach ceapachán chuig comhlachtaí seirbhíse poiblí faoina shainchúram. Ó shin i leith rinne an Coimisiún, trí mheán a fheidhme iniúchóireachta, scrúdú ar na cleachtais earcaíochta ag Sealbhóirí Oifige chun a dhearbhu go raibh siad ag cloí lena ndualgais faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 2004.

Bhunaigh an Coimisiún clár oibre leanúnach chun athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais earcaíochta agus roghnaithe sna Ranna/Oifige agus tá sé sásta go ginearálta go bhfuil prionsabail an Chóid leabaithe sna próisis earcaíochta atá á n-úsáid ag Sealbhóirí Oifige. Creideann an Coimisiún go bhfuil tiomantas i measc Sealbhóirí Oifige chun ardchaighdeán in earcaíocht chun na seirbhíse poiblí a bhaint amach agus a chothabháil trí iarrthóirí a roghnú agus a cheapadh ar bhonn fiúntais agus trí chleachtais chóra agus trédhearcacha.

I rith 2013, dhírigh clár iniúchta an Choimisiúin ar scrúdú ar na cleachtais ghinearálta earcaíochta agus roghnaithe atá i bhfeidhm sna heagraíochtaí sin a bhí faoi réir ghearán, faoi alt 8. Tugadh deis don Choimisiún leis seo, agus scrúdú á dhéanamh ar ghearán, athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe ar leith d'earcaíocht san eagraíocht sin. Pléadh aon fheabhas a sainiú i rith an athbhreithnithe ansin leis an Sealbhóir Oifige chun nósanna imeachta athbhreithnithe a thabhairt isteach de réir na bprionsabal arna leagan amach sa Chód Cleachtais. Tá an Coimisiún sásta gur thug an Sealbhóir Oifige aghaidh ar aon cheisteanna den chineál sin a d'eascair agus go mbeidh siad faoi réir tuilleadh athbhreithnithe agus iniúchta.

Mar aon le hathbhreithniú leanúnach, tá an Coimisiún tiomanta do thabhairt faoi clár iniúchta ina n-úsáidfear modheolaíochtaí iniúchta lena n-áirítear:

- Athbhreithnithe doimhne ar phróisis shonracha cheapacháin lena n-áirítear meastóireacht a dhéanamh ar bheartais agus ar ghnáis earcaíochta agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh théarmaí agus choinníollacha an cheadúnais/na gceadúnas, agus
- Iniúchóireachtaí téamacha a chuimsigh Sealbhóirí Oifige agus bhí ceistneoirí agus iniúchóireacht leantach ina chuid den phróiseas seo.

Ba mhaith leis an gCoimisiún buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí faoina shainchúram as an gcúnamh agus as an gcomhoibriú a fhaigheann sé uathu. Tá sé in iúl go bhfuil na heagraíochtaí sin faoi bhrú ar bhealaí éagsúla, ach tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil na sochair atá le baint as athbhreithnithe inmheánacha ag Sealbhóirí Oifige ina sochair ar chóir suntas a thabhairt dóibh. Chun dul céim chun tosaigh, tá an Coimisiún ag tathant ar eagraíochtaí iniúchóireacht inmheánach thréimhsiúil a dhéanamh ar bheartais agus ar chleachtais earcaíochta mar chuid de phróiseas bainistithe riosca na n-eagraíochtaí.

Athbhreithniú agus Meastóireacht

Cuirtear tuarascálacha iniúchóireachta ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin– www.cpsa.ie – agus féadfaidh gach eagraíocht amharc orthu agus iad a úsáid mar áis chun tagarmharcáil a dhéanamh ar a mbeartais agus a gcleachtais féin. I gcás gur iomchuí é, áirítear i ngach tuarascáil iniúchóireachta moltaí don fheabhsúchán. Tá sé tábhachtach go ndéanfadh an Sealbhóir Oifige dul i ngleic le haon easnaimh a aithníodh agus leanfaidh an Coimisiún ag déanamh monatóireachta ar an bpróiseas ar an mbonn seo. Aithníonn an Coimisiún freisin go bhfuil dea-chleachtais i bhfeidhm ag a lán eagraíochtaí a d'fhorbair siad trí athbhreithniú agus meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar bheartais agus ar ghnásanna, trí fhorbairt a dhéanamh ar chórais bhainistíochta, agus trí mheán na hoiliúna agus fanacht chun dáta ó thaobh dea-chleachtais earcaíochta de.

GEARÁIN / IARRATAIS LE HAGHAIDH ATHBHREITHNITHE

I rith 2013, fuair an Coimisiún líon suntasach fiosrúchán agus gearán neamhfhoirmiúla mar aon le líon mór iarratas foirmiúla i gcomhair athbhreithnithe faoi Alt 8 den Chód Cleachtais. É sin ráite, tá an Coimisiún sásta go bhfuil, ar an iomlán, tiomantas ginearálta i meas Sealbhóirí Oifige chun ardchaighdeáin i roghnú agus ceapadh iarrthóirí chuig poist sa tseirbhís phoiblí a bhaint amach agus a chothabháil. Anuas air sin, bunaithe ar a thaithí de scrúdú a dhéanamh ar ghearán, creideann an Coimisiún go bhfuil feasacht agus tuiscint ghéar i measc Sealbhóirí Oifige ar a bhfreagrachtaí agus dualgais faoi na Cóid Chleachtais.

Bhí bainistiú na ngearán, foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon, arís i mbliana, ina gné shuntasach d'ualach oibre an Choimisiúin i rith na bliana. Bhí ardú suntasach ar an líon iarratas ar athbhreithniú a fuair an Coimisiún in 2013, cé gur tosaíodh ó bhonn an-íseal i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Rinneadh go leor de na gearáin seo i gcoinne Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) a rinne roinnt feachtas náisiúnta a bhain le líon mó iarrthóirí. Tá an Coimisiún sásta, áfach, go bhfuil an líon gearán in aghaidh HSE réasúnta íseal i gcomparáid leis an líon iomlán iarrthóirí agus an líon ceapachán a rinneadh ar fud na seirbhíse sláinte.

Is é atá i gceist le himscrúdú an Choimisiúin ar gearáin, athbhreithniú cuimsitheach ar gach gné den phróiseas ceapacháin agus, más cuí, ar an bpearsanra ábhartha. Agus é ag déileáil le gearán, is é sainchúram an Choimisiúin dul i ngleic leis na líomhaintí a dhéanann an gearánach gur sáraíodh prionsabail an Chóid tar éis imscrúdú iomlán agus críochnúil a réachtáil de réir na gcaighdeán agus na ngnásanna dá bhfuil cur síos sa Chód. Mar aon le hathbhreithnithe faoi Alt 8 a dhéanann an Coimisiún, cuirtear comhairle agus faisnéis neamhfhoirmiúil ar fáil d'iarrthóirí chomh maith mar fhreagra ar fhiosrúcháin faoi ghnéithe éagsúla den phróiseas ceapachán.

I rith an imscrúdaithe ar ghearán, téann an Coimisiún i ngleic leis an Sealbhóir Oifige ábhartha a thugann deis chun treoir agus comhairle a chur ar fáil maidir leis an gcleachtas is fearr sa phróiseas ceapacháin. Is gné thábhachtach é seo de ról an Choimisiúin i seasamh le prionsabail an ionracais, an fhiúntais, agus na cothroime i gcleachtais earcaíochta agus roghnaithe.

Gnásanna Athbheithniúcháin

Tá dhá ghnás éagsúla ann. Baineann an chéad cheann le hiarrthóir bheith míshásta le cinneadh maidir lena (h)iarrthóireacht (ach nach gcreideann gur sáraíodh an Cód) agus gur mhian leis nó léi go ndéanfaí athbheithniú ar an gcinneadh. Déanann an Sealbhóir Oifige an t-athbheithniú ar an gcinneadh earcaíochta.

Ní ceadmhach don Choimisiún cinneadh an tsealbhóra ceadúnais a chur ar ceal, ach féadfaidh sé treoir a leagan síos maidir le conas ba chóir an t-athbheithniú a reáchtáil. Níl aon ról ag an gCoimisiún sa phróiseas sin, ámh.

Baineann an dara gnás athbheithnithe le cás ina bhfuil duine den tuairim gur sháraigh próiseas ceapacháin an Cód agus inar mhian leis an té sin go ndéanfaí imscrúdú ar an scéal. Déanann an gearánach gearán leis an Sealbhóir Oifige ar an gcéad ásc. Mura bhfuil an gearánach sásta le toradh athbheithniú an tSealbhóra Oifige, féadfaidh sé nó sí iarraidh ar an gCoimisiún imscrúdú a dhéanamh ar shárú líomhanta an Chóid. Maidir leis seo, tá cumhachtaí an Choimisiúin teoranta. Féadfaidh an Coimisiún, i measc rudaí eile, ceadúnas earcaíochta comhlachta phoiblí a leasú nó a aisghairm. Ní an chumhacht aige, ámh, an cinneadh earcaíochta a athrú tar éis dó bheith déanta agus tá cosc sainráite air é sin a dhéanamh faoi théarmaí an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004. Sa bhliain 2011 rinne an Coimisiún roinnt moltaí le Sealbhóirí Oifige ag féachaint le dul i ngleic leis na heasnaimh a sainaithníodh ina imscrúduithe.

Sárúithe ar an gCód Cleachtas

Tugtar achoimre thíos ar roinnt de na gearáin a ndearnadh imscrúdú orthu i rith 2013:-

- Fuarthas gearán ó iarrthóir ghlac páirt i gcomórtas teoranta do phost sinsearach in Oifig Rialtais. Ní raibh an gearánaí sásta leis an bpróiseas measúnaithe agus bhí imní air nár léirigh an córas marcála lena ndéantar measúnú ar iarrthóirí na dualgais agus freagrachtaí ar leith arna leagan amach sa chiorclán inar fógraíodh an post

Tar éis athbheithniú a dhéanamh ar cháipéisíocht tacaíochta don phróiseas, agus ag cur san áireamh tuairimí chomhaltaí an bhoird agallaimh, bhí an Coimisiún sásta go raibh sonraíochtaí poist agus duine soiléire mar bhonn agus taca leis an gcur chuige ar ghlac an bord roghnaithe leis agus go raibh siad nasctha go díreach leis na scileanna riachtanacha don ról. Ach, d'aimsigh sé nach raibh roinnt de ghnéithe teicniúla an ról so-aitheanta sna critéir roghnaithe taifeadta, cé gur phléigh comhaltaí an bhoird iad ina gcomhrá leis an gcoimisiún agus go deimhin a bhí le feiceáil sna nótaí agallaimh. Mhol an Coimisiún athbheithniú ar an gcomhghaol idir na riachtanais luaite don ról agus na critéir roghnaithe a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar iarrthóirí san agallamh lena chinntiú go mbíonn an próiseas trédhearcach agus le tacú le haiseolas bríoch le hiarrthóirí.

- Scrúdaigh an Coimisiún gearán inar líomhnaíodh sáruithe ar an gCód a d'eascair as cinneadh an tSealbhóra Oifige le himeacht óna phróiseas roghnaithe pleanáilte. D'fhoráil an cháipéisíocht a bhí ar fáil d'iarrthóirí agus go deimhin an comhfhreagras ón Sealbhóir Oifige do thrí chéim ar leith. Ach, ag deireadh na dara céime, chinn an Sealbhóir Oifige nár theastaigh a tríú céim in raibh gníomhaíocht chur i láthair.

Sa chás seo, tháinig comhaltaí an bhoird agallaimh ar an tuairim gur aithníodh an t-iarrthóir ab fheiliúnaí don phost ag céim 2 agus nár theastaigh céim roghnaithe eile.

Cé gur dúradh sa leabhrán eolais d'iarrthóirí gur próiseas trí chéime a bheadh i gceist, chinn an Coimisiún gurbh é príomhearráid an tSealbhóra Oifige scríobh chuig iarrthóirí ag deireadh chéim a haon lena chur in iúl go mbeadh dhá chéim eile leis an bpróiseas. Cé go raibh sé den tuairim go ndearnadh drochbhainistiú ar ionchais an ghearánaí, i bhfianaise feidhmíocht na n-iarrthóirí san agallamh, níor thuig sé cén fáth nach raibh gá leis an gcéim deiridh.

CEADÚNÚ

Tá an Coimisiún freagrach as ceadúnais earcaíochta a bhronnadh ar chomhlachtaí seirbhíse poiblí áirithe ar mhian leo a n-earcaíocht féin a dhéanamh. Féadtar ceadúnais earcaíochta a bhronnadh i ndáil le poist sa chomhlacht poiblí féin (ceadúnas ginearálta) nó i ndáil le sainphost amháin nó níos mó ná sainphost amháin (saincheadúnas).

Féadtar iarratas ar cheadúnas earcaíochta a chur chuig an gCoimisiún i gcás go mbeidh gá ag an sealbhóir oifige a (h)inniúlacht a léiriú an próiseas roghnúcháin a réachtáil ag teacht le cód cleachtais an Choimisiúin. Bíonn an Coimisiún ar fáil chun comhairle agus cúnamh cuí a sholáthar le linn an phróisis iarratais.

Bíonn téarmaí agus coinníollacha áirithe ag gabháil le gach ceadúnas a bhronntar agus is gá don sealbhóir ceadúnais cloí go docht leosan. Déanann an Coimisiún monatóireacht ar chomhlíonadh téarmaí agus choinníollacha na gceadúnas earcaíochta trína fheidhm iniúchóireachta. Cé nach bhfuil srian ama ag baint le ceadúnas earcaíochta tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún an ceadúnas a fhoirceannadh i gcásanna áirithe. Níl an Coimisiún tar éis úsáid a bhaint as an gcumhacht sin go dtí seo.

Le linn 2013 bhronn an Coimisiún ceadúnas amháin earcaíochta mar seo a leanas:

- [An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta](#)

Bhronn an Coimisiún ocht gceadúnas earcaíochta is fiche le sealbhóirí oifige go dtí deireadh 2012 – áirítear anseo ceadúnais ghinearálta agus shonracha. I roinnt cásanna bhí an dá chineál ceadúnas earcaíochta ag sealbhóirí oifige.

POIST EISIATA

Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún faoi Alt 8 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 poist neamhbhunaithe sa Státseirbhís a eisiamh, trí Ordú, ó fheidhmiú an Achta.

Trí aontú na poist seo a eisiamh óna shainchúram, ceanglaíonn an Coimisiún ar Oifig Státseirbhíse nó ar Roinn cloí le treoirínte ina leagtar amach cineál na bpost a bheidh eisiata agus an méid ama a mbeidh feidhm ag an eisiamh sin.

I dTábla 1 leagtar amach na príomhchatagóirí ceapacháin a ndearnadh Orduithe mar sin ina leith nó ar cuireadh síneadh leo sa bhliain 2013.

Baineann gach Ordú le cineál áirithe poist nó gráid sa Státseirbhís. Mar thoradh air sin, sa mhéid go mb'fhéidir go mbeadh níos mó ná duine amháin ceaptha chuig post nó grád i gceist, níl líon na n-orduithe ag teacht le líon na ndaoine ceaptha.

I gcás na n-orduithe i ndáil le Foireann Phríobháideach na nAirí, foráiltear go n-áiríonn coinníollacha seirbhíse na ndaoine a cheaptar go dtiocfaidh deireadh lena bpost tráth a bhfágfaidh an tAire Rialtais an oifig sin.

Bronnadh 27 Ordú chun tacú le tionscnaimh ghearrthéarmacha ar leith, i.e. cláir shocrúcháin do mhic léinn agus tionscadail WAM (Willing Able Mentoring). I gcás na 40 Ordú eile fostaíodh daoine go sealadach agus iad ag feitheamh ar chur i gcrích na bhfoirmiúlachtaí a bhain lena bhfostaíocht bhuan agus thug seo an deis do Ranna agus d'Oifigí seirbhísí foirne a shocrú do thréimhse shonrach chun na scileanna speisialtóireachta ba ghá a chur ar fáil.

TÁBLA 1: Rialacháin a rinneadh in 2013

Catagóir	Líon na nOrduithe
Cláir Socrúcháin do Mhic Léinn (lena n-áirítear Intéirneachtaí)	15 (41 post)
Tionscadail WAM	12 (16 phost)
lasacht (scileanna ar leith)	13 (19 bpost)
Rannpháirtíocht chomhaltaí foirne ar scor (scileanna ar leith) síntí a bhí in 6 de 17 díobh seo	17 (28 post)
Foireann Phríobháideach na nAirí	4 (7 bpost)
Conarthaí gearrthéarmacha (Intéirnigh coinnithe)	3 (3 phost)
Cuntasóirí Sealadacha (conradh 4 mhí – scileanna ar leith – reáchtáladh Próiseas iomaíoch)	1 (8 bpost)
Aturnaetha Sealadacha (conradh 6 mhí – scileanna ar leith)	1 (3 phost)
Comhordaitheoir Oiliúna agus Lá na bPost Eorpach Comhordaitheoir (Earcaíocht 2 oibríthe le maoiniú na hEorpa i gcomhair Eures–Seirbhís Fostaíochta na hEorpa – arna n-earcú trí Chomórtas oscailte ó iarchlár FÁS)	1 (2 phost)
Iomlán	67

TUARASCÁIL AR GHNÍOMHAÍOCHT EARCAÍOCHTA

TUARASCÁIL AR GHNÍOMHAÍOCHT EARCAÍOCHTA

Tá na figiúirí go léir sa tuarascáil seo bunaithe ar fhaisnéis/staitisticí a cuireadh ar fáil don Choimisiún i ndáil leis na blianta i gceist.

TÁBLA 2: Gníomhaíocht Sheachtrach Earcaíochta

	Líon na gCeapachán Déanta			
	2010	2011	2012	2013
STÁTSEIRBHÍS				
Ceapacháin Bhuana	433	310	276	302
Foireann Shealadach Chléireachais	635	842	1089	889
GARDA SÍOCHÁNA				
GARDA Faoi oiliúint	0	0	0	0
GARDA Cúltaca	309	276	241	188
ÚDARÁS ÁITIÚIL (An tAcht um Údarás Áitiúla (Oifigigh agus Fostaithe), 1926)				
Gairmiúil/Bainistíocht	19	9	24	38
AN tÚDARÁS UM FHAISNÉIS AGUS CÁILÍOCHT SLÁINTE	10	4	14	27
FEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE	1772	1107	1633	2794
IOMLÁN	3178	2548	3277	4238

TÁBLA 3: Gníomhaíocht Inmheánach Earcaíochta

	Líon na gCeapachán Déanta			
	2010	2011	2012	2013
STÁTSEIRBHÍS	428	159	456	308
GARDA SÍOCHÁNA (Sáirsint agus Cigire)	99	9	3	116
AN tÚDARÁS UM FHAISNÉIS AGUS CÁILÍOCHT SLÁINTE	0	0	0	0
FEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE	0	0	0	4
IOMLÁN	527	168	459	428

TÁBLA 4: Poist Shealadacha Ag Gníomhú Ag Leibhéal Níos Airde*

	Líon na gCeapachán Déanta			
	2010	2011	2012	2013
STÁTSEIRBHÍS	70	314	511	440
AN tÚDARÁS UM FHAISNÉIS AGUS CÁILÍOCHT SLÁINTE	2	0	0	0
FEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE	0	0	80	26
IOMLÁN	72	314	591	466

* Nóta eolais- Baineann na figiúirí seo le líon na gceapachán nua i bPoist Shealadacha ag Gníomhú ag Leibhéal Níos Airde agus ní líon iomlán na mball foirne atá ag fáil Liúntais as bheith ag Gníomhú ag Leibhéal Níos Airde.

ARNA FHOILSIÚ SA BHLIAIN 2013 AG
AN COIMISIÚN UM CHEAPACHÁIN SEIRBHÍSE POIBLÍ
18 SRÁID LEESON ÍOCHTARACH, BAILE ÁTHA CLIATH 2

TEIL: (01) 639 5750
FACS: (01) 639 5769
RPHOST: INFO@CPSA.IE
SUÍOMH: WWW.CPSA.IE

arna dearadh ag **catalysto**^o